



Eagarthóirí Taighde (2 phost)

Conarthaí suas le 3 bliana ag tosú i Márta 2014.

Tá cúig thionscadal taighde faoi chúram FIONTAR faoi láthair: www.focal.ie, www.logainm.ie, www.ainm.ie, www.iate.europa.eu (na téarmaí Gaeilge) agus www.duchas.ie chun Cnuasach Bhéaloideas Éireann a dhigitíú agus a fhoilsiú ar líne i gcomhar le UCD. Tá meitheal taighde lánaimseartha in FIONTAR agus beidh na heagarthóirí a cheapfar ag obair i ndlúthpháirt leis an bhfoireann sin.

Is iad an téarmeolaíocht agus an chartlannaíocht dhigiteach na príomhréimsí atá i gceist. Beidh dualgais ar eagarthóirí ar thionscadail éagsúla ó am go ham. Beidh freagrachtaí comhordaithe tionscadal i gceist freisin. Beidh na heagarthóirí seo freagrach as réimsí den obair a fhorbairt agus a stiúradh i gcomhar le baill foirne mar aon le caighdeán na n-aschur a dheimhniú. Éilíonn an obair seo saintaithí taighde, eagrúchán pearsanta, breithiúnas grinn agus scileanna maithe idirphearsanta.

Riachtanais:

Beifear ag súil go mbeidh céim PhD ag iarrthóirí i réimse acadúil cuí. Glacfar le saintaithí inchomparáide ina áit seo i gcásanna áirithe i réimse an taighde acadúil má léirítear go bhfuil foilseacháin acadúla ag iarrthóirí agus taithí ghairmiúil roinnt blianta acu ar obair thaighde inchomparáide. Is gá bunchéim onóracha sa Nua-Ghaeilge.

Ní mór taithí a bheith ag iarrthóirí ar obair thaighde a phleanáil go céimnitheach, an obair a chomhordú as a stuaim féin agus na torthaí a léiriú agus a mheas.

Is gá d'iarrthóirí caighdeán an-ard a léiriú i gcruinneas na Gaeilge scríofa, ar an leibhéal is gá chun téacs infhoilsithe a sholáthar.

Ba bhuntáiste é oiliúint nó taithí a bheith ag iarrthóirí in aon réimse díobh seo: teicneolaíochtaí teanga, an téarmeolaíocht, nó an chartlannaíocht dhigiteach.

Modh iarratais:

Tá foirmeacha iarratais ar fáil ón suíomh *DCU Current Vacancies (open Competitions)* ag www.dcu.ie/vacancies/current.shtml agus ón Human Resources Department, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Glas Naíon, Baile Átha Cliath 9. Fón: +353 (0)1 700 5149.

Ba chóir iarratais a aighniú ar r-phost chuig hr.applications@dcu.ie nó ar facs +353 (0)1 700 5500 nó sa ghnáthphost chuig Human Resources Department, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Glas Naíon, Baile Átha Cliath 9.

Scála Tuarastail:

Eagarthóir Taighde: €37,750–€38,860–€40,003

Spricodháta iarratais: Dé hAoine, 13 Nollaig 2013.

Reáchtálfar agallaimh an tseachtain dár tús 13 Eanáir 2014.

Tá fáilte roimh iarrthóirí teagmháil le FIONTAR chun na poist seo a phlé: An Dr Caoilfhionn Nic Pháidín (01-7005173); caoilfhionn.nicphaidin@dcu.ie

Fostóir comhdheiseanna is ea Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

Tá na poist seo á gcómhaoiniú le deontas taighde ón Roinn Ealaíon Oidhreacht agus Gaeltachta.